Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9288/18**

**COPS 171**
**CIVCOM 89**
**CFSP/PESC 475**
**CSDP/PSDC 271**
**RELEX 451**
**JAI 493**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Bealtaine 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9032/18 COPS 160 CIVCOM 83 CFSP/PESC 453 CSDP/PSDC 262 RELEX 423 JAI 433 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le CBSC sibhialtach a neartú - Conclúidí ón gComhairle (28 Bealtaine 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le CBSC sibhialtach a neartú, mar a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici ar an 28 Bealtaine 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CBSC SIBHIALTACH A NEARTÚ

1. Leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) sibhialtach, cuirtear breisluach uathúil ar fáil do ról domhanda an Aontais maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta. Ag tógáil ar an taithí a fuarthas le cúig bliana déag anuas, ba cheart CBSC sibhialtach a neartú, agus aird á tabhairt ar an gclaochlú atá tagtha ar thimpeallacht straitéiseach an Aontais le blianta beaga anuas, claochlú ar ábhar buartha é, lena n-áirítear teacht chun cinn agus dul chun donais coinbhleachtaí ar imeall an Aontais agus leanúnachas na héagobhsaíochta agus na mbagairtí trasnáisiúnta. Ós amhlaidh atá, beidh gá le borradh idir cháilíochtúil agus chainníochtúil a chur faoi CBSC sibhialtach ag tosú i mbliana d'fhonn ról an Aontais mar ghníomhaí domhanda i mbainistiú géarchéimeanna sibhialtacha a chur chun cinn. Is cuid bhunriachtanach de chur chuige comhleanúnach an Aontais go mbeadh CBSC sibhialtach neartaithe ann, a fheidhmeoidh i dteannta ionstraimí eile de chuid an Aontais ar bhonn comhtháite, agus Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála á shaothrú aige.
2. Ní mór ról sainaitheanta a thabhairt do CBSC sibhialtach chun an borradh sin a bhaint amach, trína mbeifí ag díriú ar thosaíochtaí seanbhunaithe agus ag dul i ngleic le dúshláin reatha agus nua, le cur chuige nua a bheidh solúbtha, modúlach agus inscálaithe, mar aon le maoiniú éifeachtach a chur ar fáil do na misin. Cuireann an Chomhairle béim ar na tosaíochtaí ó chruinniú mullaigh Feira: an phóilíneacht, an smacht reachta agus an riarachán sibhialta a neartú i suíomhanna leochaileacha atá thíos le coinbhleachtaí, is iad sin atá i gcroílár fheidhm CBSC shibhialtaigh i gcónaí. Cuireann sí i bhfios freisin an tábhacht a bhaineann le hathchóiriú na hearnála slándála agus le cúraimí faireacháin agus go bhféadfaí misin CBSC a imscaradh le sainorduithe feidhmiúcháin nó leath-fheidhmiúcháin faoi mhodúlachtaí arna gcomhaontú. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir a thábhachtaí atá sé go léireodh an tír óstach tiomantas agus seilbh ghníomhach chun torthaí inbhuanaithe éifeachtacha a áirithiú, agus chun cur go suntasach le slándáil agus teacht aniar na dtíortha comhpháirtíochta dá bharr sin. Cuireann sí i bhfáth go bhfreagraíonn CBSC sibhialtach do chásanna ar leith, bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais don ghníomhaíocht sheachtrach agus ar riachtanais agus ceanglais mheasta na tíre óstaí. Cuirtear an fhreagairt sin i gcrích i gcomhar agus i gcomhréir le hionstraimí ábhartha agus le Ballstáit de chuid an Aontais agus le gníomhaíochtaí comhpháirtithe idirnáisiúnta eile faoi chuimsiú an chur chuige chomhtháite.

3. Tugann an Chomhairle dá haire gur féidir leas a bhaint as CBSC sibhialtach ar fud an timthrialla coinbhleachta, trí bhéim a leagan freisin ar chobhsú agus ar chosc. Cuireann sí i dtreis an tábhacht a bhaineann le comhordú feabhsaithe idir misin CBSC agus uirlisí ábhartha eile de chuid ghníomhaíocht eachtrach an Aontais ag pointí éagsúla de thimthriall na coinbhleachta. Aithníonn sí go mbeidh cineálacha éagsúla dúshlán ar roinnt le hoibriú trí thimthriall iomlán na coinbhleachta do CBSC sibhialtach. Aithníonn an Chomhairle luach intreach na forbartha acmhainní agus an ról atá ag CBSC chun tacú le gníomhaithe agus rialtais áitiúla chun coinbhleacht a cheansú agus timpeallacht pholaitiúil a fhorbairt a chabhródh le forbairt acmhainní.

Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur uirlis thábhachtach sheachtrach é CBSC sibhialtach atá mar chuid d'fhreagairt níos leithne an Aontais, uirlis a chuidíonn leis an gceann is fearr a fháil ar dhúshláin slándála, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an imirce, bagairtí hibrideacha, an chibearshlándáil, an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht eagraithe, bainistiú teorainneacha agus an tslándáil mhuirí, mar aon leis an antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, agus a riachtanaí atá sé go gcuirfí san áireamh gur gá an oidhreacht chultúrtha a chosaint. Cuireann sí i dtreis go gcuidíonn CBSC sibhialtach leis an gcomhrac i gcoinne dúshláin ar fud an naisc inmheánaigh/sheachtraigh, i gcomhar le gníomhaithe CGB i gcás inarb iomchuí.

4. Sa chomhthéacs sin, ag meabhrú di na Conclúidí uaithi ó mhí na Samhna 2017, formhuiníonn an Chomhairle an Páipéar Coincheapa a thíolaic an tArdionadaí mar bhonn le CBSC sibhialtach a neartú agus le tuilleadh oibre a dhéanamh i ndáil leis sin. Aontaíonn sí gur féidir le CBSC sibhialtach cuidiú leis na cúig thosaíocht straitéiseacha i Straitéis Dhomhanda an Aontais a bhaint amach, mar atá: slándáil an Aontais, teacht aniar na stát agus na sochaithe i réigiúin chomharsanachta agus máguaird, cur chuige comhtháite i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, orduithe réigiúnacha comhair, agus rialachas domhanda a bheadh oiriúnach don 21ú haois. Athdhearbhaíonn an Chomhairle rannchuidiú bunriachtanach CBSC shibhialtaigh chun leibhéal uaillmhéine an Aontais agus a thrí thosaíocht straitéiseacha arna ndíorthú ón Straitéis Dhomhanda i réimse na slándála agus na cosanta, a comhaontaíodh sa Chomhairle i mí na Samhna 2016, a chomhlíonadh, is é sin freagairt do choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, cumas na gcomhpháirtithe a fhothú, agus an tAontas agus a chuid saoránach a chosaint, i gcomhréir le cúraimí CBSC atá leagtha amach sa Chonradh.

5. I bhfianaise an mhéid sin, tacaíonn an Chomhairle leis na smaointe leathana agus an leibhéal uaillmhéine a leagtar amach sa Pháipéar Coincheapa agus iarrann sí go háirithe go ndéanfaí an cur chuige straitéiseach athnuaite maidir le CBSC sibhialtach a oibríochtú, d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

   a. Éifeachtacht CBSC shibhialtaigh a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

      – Pleanáil CBSC a neartú agus a thapú trí struchtúir ábhartha cinnteoireachta agus trí nósanna imeachta níos simplí agus níos sciobtha, faoi rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála i gcomhréir le Airteagal 38 CAE, d'fhonn na cúraimí sonracha a chinneadh do mhisean CBSC sibhialtach i gcás ar leith;

      – Pleanáil den chineál sin a bhunú ar anailís chomhpháirteach chomhroinnte an Aontais, a dhéanfaí tríd an gcreat polaitiúil le haghaidh cur chuige géarchéime, a bheadh mar phríomhuirlis go hiondúil i ndáil leis sin;

      – Cur chuige réigiúnach a chomhtháthú i gcéim na pleanála, i gcás inarb iomchuí, lena n-áiritheofaí an chomhsheasmhacht is mó is féidir idir cuspóirí an mhisin agus na spriocanna arna leagan síos ag straitéisí réigiúnacha an Aontais a bhaineann leis an tír óstach;

      – Sainorduithe sainaitheanta a fhorbairt ar an mbonn sin, lena gceadófar misin shibhialtacha CBSC a bheidh níos modúlaí, inscálaithe faoi raon feidhme Airt. 42 agus Airt. 43 CAE, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sainorduithe feidhmiúcháin nó leath-fheidhmiúcháin faoi choinníollacha arna gcomhaontú;

      – Doiciméid pleanála a fhorbairt lena sainaithnítear tagarmharcanna chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus lena gcumasaítear athbhreithnithe straitéiseacha tréimhsiúla, i gcomhar le hionstraimí, cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha eile de chuid an Aontais;

      – Cáilíocht agus tionchar mhisin shibhialtacha CBSC a fheabhsú tríd na ceachtanna a foghlaimíodh a chur san áireamh, trí fhaireachán agus meastóireacht atá tionchardhírithe a dhéanamh, tríd an dea-chleachtas agus an aiseolas oibríochtúil a chur san áireamh sna straitéisí pleanála, iompair agus idirthréimhse;

      – Freagrúlacht mhisean shibhialtacha CBSC a mhéadú tuilleadh, ó thaobh feasacht níos fearr ar dhálaí de, ó thaobh na cinnteoireachta agus na pleanála de, go dtí an cur i bhfeidhm, ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh roimhe sin i dtaca leis na gnéithe sin;

      – Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta earcaíochta SEGS le haghaidh na misean, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún;

– Bearta breise praiticiúla a fhorbairt chun cur chuige comhleanúnach Eorpach a chur chun cinn, bunaithe ar shineirgí sibhialtacha/míleata laistigh de CBSC mar aon le dlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le gníomhaithe nach gníomhaithe CBES iad mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna d'fhonn comhsheasmhacht agus comhordú a bhaint amach le hiarrachtaí an Aontais ar scála níos leithne, lena n-áirítear na gnéithe forbartha, cobhsaíochta, daonnúla agus polaitiúla;
– Comhordú a fheabhsú a thuilleadh agus comhlántachtaí á lorg le gníomhaíochtaí leantacha agus pleanáilte an Aontais, go háirithe comhar um fhorbairt agus cláir fhreagartha do ghéarchéimeanna agus cláir chobhsaíochta, inter alia an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin. Áirítear leis an méid sin trí phleanáil straitéiseach mhisin CBSC agus trí chlársceidealú ghníomhaithe an Aontais a chomhordú ag céim luath chun an sioncrónú le gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais a éascú mar aon le haistriú rianúil chucu, d'fhonn leanúnachas ghníomhaíocht agus thionchar an Aontais a áirithiú sa tír nó sa réigiún, nó chun aistriú chuig gníomhaithe áitiúla nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta eile;
– Sineirgí agus comhlántacht a chothú idir misin shibhialta agus misin mhíleata CBSC a imscartar sa limistéar céanna;
– Cearta an duine agus an comhionannas inscne a phríomhshruthú sna gníomhaíochtaí go léir agus comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil agus rúin eile ina dhiaidh sin agus cosaint na sibhialtach á gcur san áireamh go hiomlán i gcéimeanna pleanála agus oibríochtúla uile na misean;
– Leanúint d'fheabhas a chur ar an gcumarsáid straitéiseach chun infheictheacht CBSC shibhialtaigh agus a rannchuidiú le soláthar na slándála a fheabhsú.

b. Éifeachtacht CBSC shibhialtaigh a fhorbairt tuilleadh i ndáil le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus ar dhúshláin ar an teorainn idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, tríd an méid seo a leanas:

– Feabhas a chur, i gcás inar gá, ar an gcomhsheasmhacht agus ar an gcomhar idir CBSC sibhialtach agus gníomhaíochtaí an Aontais sa ghné sheachtrach de Cheartas agus Gnóthaí Baile (CGB), agus sna gnéithe de chláir forbartha agus den bheartas comharsanachta a bhaineann leis an tslándáil, agus inniúlachtaí agus bunúis dlí gach ionstraime á n-urramú go hiomlán agus é á chur chun cinn le measúnuithe a bhaineann go sonrach le gach cás ar leith agus le pleanáil ar bhealach comhleanúnach ón tús;
– Agus aird á tabhairt ar línte féideartha oibríochta CBSC arna n-aithint sa Pháipéar Coincheapa mar ullmhúchán don phleanáil amach do mhisin shibhialtacha CBSC, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit;
– Modúlachtaí comhordaithe feabhsaithe a fhorbairt ar leibhéal an Aontais agus nósanna imeachta cinnteoireachta ábhartha á n-urramú (lena n-áirítear idir foirmíochtaí ábhartha agus comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus idir struchtúir phleanála ghníomhaithe CBSC agus CGB), leis na Ballstáit agus ar an bhfód, agus freisin sna chéad chéimeanna eile d'fhorbairt na gcumas sibhialtach;
– Sineirgí idir gníomhaithe CBSC agus CGB a chothú ar an leibhéal oibríochtúil agus é mar aidhm malartú faisnéise a mhéadú chun feabhas a chur ar fheasacht staide, ar phleanáil, ar imscaradh agus ar thionchar oibríochtúil ar an bhfód agus chun comhar a neartú i réimse na hoiliúna agus na forbartha cumas. D'fhéadfaí dul i gcomhairle le gníomhaithe ábhartha CGB, i gcás inarb iomchuí, ó chéad chéim phleanála mhisean sibhialtach CBSC, ag tosú leis an gCreat Polaitiúil maidir le Bainistiú Géarchéime (PFCA). Sa bhreis air sin, d'fhéadfaí tuilleadh socruithe a dhéanamh d'fhonn saineolaithe CGB a leabú i misin ábhartha CBSC, nuair is gá;
– Ag cur leis an obair atá ag dul ar aghaidh chun comhar a éascú le gníomhaireachtaí agus le gníomhaithe eile i réimse CGB, maidir le faisnéis a bhailiú agus a mhalartú, i gcás ina gceadaítear sin le sainordú an mhisin agus leis na rialacha cosanta pearsanta ábhartha;
– Na cumais a aithint go mionsonrach a theastaíonn ó CBSC sibhialtach chun freagairt éifeachtach a choinneáil do na réimsí tosaíochta a socraíodh ag cruinniú mullaigh Feira (póilíní, an smacht reachta agus riarachán sibhialta), lena n-áirítear athchóiriú na hearnála slándála (SSR) agus faireachán, agus aghaidh a thabhairt freisin ar na dúshláin slándála a aithnítear thuas, agus an t-éileamh méadaitheach ar acmhainní na mBallstát sa réimse sin á thabhairt ar aird.

6. Leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcomhar a láidriú le tíortha a bhfuil misin CBSC á n-óstáil acu mar aon le comhpháirtíochtaí le tíortha agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh sineirgí agus idirghníomhaíochtaí le heagraíochtaí comhpháirtíochta idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, ECAT agus ESCE, mar aon leis an Aontas Afracach (AU) agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) maidir le saincheisteanna comhchoiteanna i ndáil le beartas agus caighdeáin a bheith tairbhiúil do gach taobh agus ba cheart dóibh an chomhsheasmhacht fhoriomlán a chur chun cinn. Sa bhreis air sin, tacaíonn an Chomhairle le tuilleadh comhair le tíortha comhpháirtíochta chun rannchuidiú le misin shibhialtacha CBSC, trí nósanna imeachta comhaontaithe.

**<u>Freagrúlacht</u>**

7. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le freagrúlacht mhisin shibhialtacha CBSC a neartú. Agus béim ar leith á leagan aici ar an gcur chuige ilsrathach atá á chur chun feidhme ar bhealach cuimsitheach, cuireann sí an méid seo a leanas i bhfios:

   a) Go bhfuil an chroí-acmhainn freagrúlachta (CRC), ina bhfuil Ardán Tacaíochta Misean athneartaithe mar aon le hacmhainní a chuirtear i Misin atá ann cheana féin, oibríochtúil anois.

   b) Gur féidir CRC a chomhlánú trí acmhainní atá in-imscartha go gasta agus trí eilimintí pleanála ó na Ballstáit, mar aon le foirne speisialaithe i gcás ina gcomhaontaítear sin - iad teoranta ó thaobh raon feidhme, méide agus ama de - agus foirmíochtaí ilnáisiúnta amhail an Fórsa Gendarmerie Eorpach ag tacú le cur chuige solúbtha modúlach.

   c) Gur ghlac an Comhairle, agus í ag gríosadh sineirgí níos láidre sa tacaíocht lóistíochta do chruinnithe de chuid CBSC agus ag cur leis an obair atá déanta cheana, lena n-áirítear ar an Ardán Tacaíochta Misean, Cinneadh maidir leis an stóras nua. Agus an stóras sin ann, beifear in ann stoc straitéiseach de phríomhthrealamh agus de phríomhacmhainní a fháil, a stóráil, a chothabháil agus a athshlánú, ar stoc é atá riachtanach le haghaidh imscaradh tapa mhisin shibhialtacha CBSC i limistéar oibríochta ar bith laistigh de 30 lá.

**Na chéad chéimeanna eile**

8. Tá an Chomhairle ag súil go dtíolacfar plean forbartha maidir le cumas sibhialtach (PFCS) faoi earrach na bliana 2018, arna fhorbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le seirbhísí an Choimisiúin agus le gníomhaithe CGB (lena n-áirítear gníomhaireachtaí), agus pé faisnéis ábhartha a gheofar uathu a chur san áireamh ann, freisin. Beidh an méid sin ina bhunchloch agus cumais shibhialtacha á bhforbairt.

Agus inniúlacht na mBallstát a aithint i ndáil le forbairt na gcumas sibhialtach, fothú acmhainní agus saineolas a chur ar fáil do mhisin shibhialtacha CBSC, ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú maidir leis an bplean forbartha maidir le cumas sibhialtach sin:

- go bhfuil mar thaca aige measúnú cuimsitheach ar riachtanais, lena n-áirítear na riachtanais ar an láthair;
- go leagtar amach ann cé na hacmhainní cainníochtúla agus cáilíochtúla, agus na hinniúlachtaí atá ar fáil sna Ballstáit á gcur san áireamh, óna dteastaíonn forbairt agus go moltar ann raon uirlisí iomchuí amhail oiliúint agus oideachas, bearta eagraíochtúla agus dreasachtaí nithiúla, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais, d'fhonn infhaighteacht a fheabhsú;
- go ndéanfaí moladh maidir leis an gcaoi leis an bhfreagrúlacht a fheabhsú a thuilleadh;
- go mbaintear leas as an ngrúpa um oiliúint na sibhialtach de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo, agus oiliúint réamh-mhisin mar aon le hoiliúint le linn misin á gcur san áireamh, d'fhonn riachtanais choiteanna oiliúna a shainaithint;
- ba cheart moltaí a dhéanamh ann i ndáil le bearta nithiúla lena bhféadfaí cur le rannpháirtíocht na saineolaithe náisiúnta, agus conairí gairme éagsúla náisiúnta á gcur san áireamh, agus ar féidir leo cur le misin shibhialtacha CBSC a dhéanamh níos tarraingtí do na húdaráis a sheolfadh iad;
- go gcuirfí san áireamh réimsí inar deacair foireann a sholáthair i gcás misin leanúnacha agus nach bhfuil ach an tacar amháin acmhainní ar fáil do chríocha intíre**,** do ghníomhartha arna ndéanamh ag gníomhaithe CGB agus eagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta eile, go mbainfí an oiread leasa ab fhéidir as sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann agus go n-áiritheofaí comhtháthú maidir le saothrú fhorbairt na gcumas sibhialtach ar leibhéal an Aontais;
- go mbreathnaítear ar roghanna laistigh de bhuiséad CBES, agus ar shineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí airgeadais eile, chomh maith. Molann an Chomhairle freisin don Choimisiún féachaint ar an gcistiú féideartha comhlántach laistigh den sainordú agus den bhuiséad atá aige.

D'fhonn comhoiriúnú níos fearr a dhéanamh idir riachtanais cumais, tosaíochtaí an Aontais agus cumais na mBallstát, ba cheart foráil a dhéanamh sa PFCS do phróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar chumais, agus é a sheoladh le linn 2019. Ba cheart an próiseas athbhreithnithe sin a cheangal le pléití agus ionchais maidir le buiséad CBES chun tuilleadh pleanáil fadtéarmach agus tuilleadh beartú tosaíochta a chumasú sna Ballstáit.

9. Agus í ag cur leis an obair sin atá ar bun cheana féin, is fada leis an gComhairle go ndéanfar comhshocrú sibhialtach CBSC faoi mhí na Samhna 2018 tráth a seolfar cur chun feidhme an chur chuige straitéisigh nua, d'fhonn an leibhéal uaillmhéine a eascraíonn as straitéis domhanda an Aontais a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit gealltanas polaitiúil a thabhairt, faoi chuimsiú an chomhshocraithe sin, go nglacfaidh siad comhpháirt i bpróiseas forbartha cumais agus ba cheart do SEGS agus don Choimisiún gealltanas a thabhairt go mbainfidh siad úsáid éifeachtach as uirlisí agus acmhainní chun cur leis an bpróiseas sin. D'fhéadfaí freisin a chuimsiú ann gealltanais níos uaillmhianaí ó chuid de na Ballstáit go ndéanfaidh siad comhar le chéile agus go roinnfidh siad dea-chleachtais chun cumais ar leith a fhorbairt ar bhonn modúlach. In oirchill an chomhshocraithe sin, iarrann sí ar an Ardionadaí, i gcomhar leis an gCoimisiún agus i gcomhairliúchán leis na Ballstáit, na tograí nithiúla riachtanacha a ullmhú chun tacú le hoibríochtú an chur chuige athnuaite straitéisigh, lena n-áirítear d'fhonn dreasachtaí a thabhairt sa chomhshocrú do ghealltanais modúlacha chomhchoiteanna den chineál sin agus d'fhonn iad a éascú sa Chomhshocrú freisin. Ba mhór an cuidiú don phróiseas seo plé ardleibhéil a chur ar siúl, dá mb'iomchuí.

10. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí dul ar aghaidh leis an obair maidir leis an méid sin i gcomhairliúchán leis na Ballstáit agus i gcomhar leis an gCoimisiún agus laistigh de na creataí ábhartha, agus tuarascáil a thabhairt ar chur chun feidhme CBSC sibhialtach neartaithe mar chuid den tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme na straitéise domhanda.